2024/2887

18.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2887 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2024

lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí le haghaidh ábhar ad hoc 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha i bhfearann an lucht saothair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun cur chun feidhme cruinn an tsuirbhé shamplaigh i bhfearann an lucht saothair a áirithiú, is gá míreanna teicniúla an tacair sonraí a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha.

(2) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Míreanna teicniúla an tacair sonraí le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha i bhfearann an lucht saothair, is éard a bheidh sna míreanna sin an méid a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Tuairisc ar fhormáid theicniúil na n-athróg atá le bailiú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteach i bhfearann an lucht saothair agus an códú atá le húsáid.

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige	Cóid	Lipéid	Scagaire	Lipéid scagaire	Tacar íosta athróg	Cineál athróige
3d. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Fostaíocht ar ardáin dhigiteacha	DPWORK	Réimse gníomhaíochta na príomhoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	01	Gníomhaíochtaí díolta earraí	AGE = 15–64	Daoine 15 go 64 bliana d'aois	Neamhbhaint-each	Bailithe
				02	Seirbhísí seachadta (iompar earraí amháin)				
				03	Seirbhísí tacsaithe (iompar daoine)				
				04	Gníomhaíochtaí a bhaineann le lóistín a ligean ar cíos				
				05	Seirbhísí TF				
				06	Seirbhísí leighis				
				07	Glantachán agus obair do dhaoine a dhéanann obair láimhe				
				08	Ábhar a chruthú amhail físeáin nó téacsanna le haghaidh íocaíochta				
				09	Obair eile ar ardáin dhigiteacha				
				10	Ní dhearnadh aon obair ar ardán digiteach le 12 mhí anuas				
				Folamh	Gan sonrú				
				99	Neamhbhainteach				
		DPINTENS	Déine na hoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	1	Gníomhaíocht aon-uaire	DPWORK = 01-09	Daoine a rinne obair ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas		
				2	Anois agus arís, i.e., roinnt uaireanta sa bhliain				
				3	Tuairim agus gach mí				
				4	Tuairim agus gach seachtain				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige	Cóid	Lipéid	Scagaire	Lipéid scagaire	Tacar íosta athróg	Cineál athróige
		DPHRSW	Meánlíon na n-uaireanta an chloig íoctha a oibríodh in aghaidh na míosa le 12 mhí anuas, ar ardáin dhigiteacha	1	Níos lú ná 1 uair an chloig	DPWORK = 0 – 09	Daoine a rinne obair ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas		
				2	1-9 uair an chloig				
				3	10-19 uair an chloig				
				4	20-49 uair an chloig				
				5	50-99 uair an chloig				
				6	Níos mó ná 100 uair an chloig				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPINC	Sciar an ioncaim iomláin ó ardáin dhigiteacha i gcoibhneas le hioncam iomlán pearsanta le 12 mhí anuas	1	Níos lú ná ceathrú	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	Idir ceathrú agus níos lú ná leath				
				3	Idir leath agus níos lú ná trí cheathrú				
				4	Trí cheathrú nó níos mó ná sin				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPMR	Príomhchúis leis an obair íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	1	An t-aon deis fostaíochta a bhí ar fáil	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	Solúbthacht maidir le heagrú na hoibre				
				3	Deis chun ioncam breise a thuilleamh				
				4	Chun críocha gnólachta faoi úinéireacht phearsanta				
				5	Obair inmhianaithe shonrach, a dhéantar go príomha ar ardáin dhigiteacha nó a dhéantar ar ardáin dhigiteacha amháin				
				6	Cúis eile				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige	Cóid	Lipéid	Scagaire	Lipéid scagaire	Tacar íosta athróg	Cineál athróige
		DPASG	Sannacháin sa phríomhobair íoctha ar ardáin dhigiteacha a rinneadh le 12 mhí anuas	1	Cúraimí a shann an t-ardán nó an aip	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	Cúraimí a roghnaíodh as measc tairiscintí, ón ardán nó ón aip, nó éilimh ó chliaint				
				3	Cúraimí a tairgeadh nó a uaslódáladh as stuaim an duine féin				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPREJ	Féidearthacht diúltú do chúraimí sa phríomhobair íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	1	Níorbh fhéidir diúltú do chúraimí ar chor ar bith, mar gheall ar fhoirceannadh fostaíochta nó dínascadh ón ardán nó ón aip	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	D'fhéadfaí diúltú do chúraimí agus bheadh iarmhairtí ann (amhail rochtain a chailleadh ar chúraimí luachmhara nó titim i rátálacha)				
				3	D'fhéadfaí diúltú do chúraimí gan iarmhairtí a bheith ann				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPHSET	Údarás chun cinneadh a dhéanamh faoin am a dhéantar na huaireanta oibre i gcás na príomhoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	1	Is é an t-ardán, an aip nó na cliaint a shocraigh na huaireanta oibre go hiomlán nó go príomha	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	An duine féin a shocraigh na huaireanta oibre, laistigh de theorainneacha a leag an t-ardán, an aip nó na cliaint síos				
				3	An duine féin a shocraigh na huaireanta oibre				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige	Cóid	Lipéid	Scagaire	Lipéid scagaire	Tacar íosta athróg	Cineál athróige
		DPPSET	Údarás chun praghsanna a shocrú sa phríomhobair íoctha ar na hardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas	1	An t-ardán, an aip nó na cliaint a shocraigh an praghas beacht	DPHRSW = 2 – 6	Daoine a d'oibrigh 1 uair an chloig íoctha ar a laghad ar na hardáin dhigiteacha		
				2	An t-ardán, an aip nó na cliaint a shocraigh an raon praghais				
				3	Caibidlíocht faoin bpraghas leis an ardán, an aip nó na cliaint				
				4	An duine féin a shocraigh an praghas				
				5	Páirtí eile a shocraigh an praghas				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPINSCOV	Saoire íoctha nó sochair shaoire ar fáil don duine i gcás breoiteachta	1	Tá, mar oibrí de chuid an ardáin nó na haipe	DPINTENS = 3 – 4	Daoine a rinne obair ar ardáin dhigiteacha tuairim agus gach mí nó gach seachtain le 12 mhí anuas		
				2	Tá, ó fhoinsí eile seachas an t-ardán nó an aip				
				3	Níl				
				4	Ní fios				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				
		DPMAIN	Obair íoctha ar ardáin dhigiteacha mar phríomhphost, post tánaisteach nó post eile sa tseachtain tagartha	1	Príomhphost le linn na seachtaine tagartha	DPWORK = 01 – 09	Daoine a rinne obair ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas		
				2	Post tánaisteach le linn na seachtaine tagartha				
				3	Post breise le linn na seachtaine tagartha				
				4	Ní raibh aon obair íoctha ar ardáin dhigiteacha ar fáil le linn na seachtaine tagartha				
				Folamh	Gan sonrú				
				9	Neamhbhainteach				